# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDU AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

## TÍREOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO 3.30


**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist.

Tá **Roinn 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leithligh mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.
Cuimhnigh le do thoil go gcaithfear an fillteán a thabhairt ar ais le do leabhrán freagraí.

**[Thall**

**1.** **Acmhainní agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch**




**A. Uisce**

(i) Le cabhair ó léaráid an **Timthriall Uisce**, mínigh conas gur acmhainn inathnuaite é uisce. (6)

(ii) "**Is acmhainn ghann é uisce in áiteanna éagsúla den domhan**"

Agus tagairt á dhéanamh agat do Scéim Uiscithe a bhfuil staidéar déanta agat air:


- Ainmnigh an scéim.
- Tabhair sracchuntas ar an oibriú a bhaineann leis.
- Déan dhá bhuntáiste a bhaineann leis an scéim don phobal áitiúil a phlé. (10)

**B. Móin**

(i) **"Tá úsáid na teicneolaíochta tar éis dlús a chur le ráta saothraithe portaigh na hÉireann.."**

Taispeánann an léaráid thíos na céimeanna a bhaineann le saothrú portaigh.

Bain úsáid as an léaráid seo chun míniú a thabhairt ar **thrí** shlí inar baineadh leas as an teicneolaíocht chun portaigh a shaothrú. (8)




(ii) **"Amach anseo, b'fhéidir go mbainfidh Bord na Móna úsáid as na Lagphortaigh le haghaidh feirmeacha gaoithe."**


Mol **trí** bhuntáiste a bhaineann leis na Lagphortaigh mar shuíomh d'fheirmeacha gaoithe.


<u>**Nó**</u>


Mol **trí** shlí eile ina bhféadfaí na lagphortaigh a úsáid amach anseo. (6)

2. **Daonra**

**Pirimidí Daonra d'Éirinn 2000, Mali 2000 agus Meastachán ar Dhaonra na hÉireann 2050.**




**A.** **Scrudaigh na Pirimidí Daonra d'Éirinn 2000 agus Mali 2000.**

Sainaithin na difríochtaí idir na **struchtúir** a bhaineann leis an dá dhaonra seo,

I do fhreagra déan tagairt do:

- Rátaí Beireatais
- Rátaí Báis
- Ionchas Saoil (12)

**B.** **Scrúdaigh na Pirimidí Daonra d'Éirinn 2000 agus d'Éirinn 2050.**

Déan cur síos ar dhá chontrárthacht idir na figiúirí d'Éirinn 2000 mar atá agus na figiúirí measta do 2050. (10)

**C.** **Teilgean Daonra Measta don Todhchaí.**

Conas a chuidíonn figiúirí measta ar nós na bhfigiúirí a thaispeántar d'Éirinn in 2050 le pleanáil do na:

- **Seirbhísí Sláinte**
- **Seirbhísí Oideachais** (8)

**[Thall**

**3.** **TÍREALAÍOCHT ILCHINEÁLACH** Freagair **TRÍ** cinn díobh seo a leanas **A, B, C, D**

## A. Iarmhairt Cheaptha Teasa/Athrú Aeráide.

(i) Déan cur síos ar na cúiseanna a bhaineann leis an méadú ar theochtaí domhanda. Tá cead agat léaráid a úsáid mar chabhair sa chur síos. (4)


(ii) Mínigh conas a d'fhéadfadh **dhá** cheann díobh seo a leanas cabhrú le fadhb an téimh dhomhanda a laghdú:

- Caomhnú fuinnimh.
- Úsáid acmhainní inathnuaite.
- an limistéar foraoise a mhéadú. (6)

## B. Éagothroimí Domhanda

Scrúdaigh an chairt a dhéanann comparáid idir **Éire** agus an **Nigéir** agus freagair na ceisteanna a leanas:

**AN NIGÉIR agus ÉIRE: Curtha i gcomparáid**




| | | |
|---|---|---|
| 70,280 km² | Achar | 923,768 km² |
| 3.8m (1999) | Daonra | 110.8m |
| $25,918 | OTI (Olltáirgeacht Intíre) | $853 |
| 76.4bl. | Ionchas saoil | 51.5 bl. |
| 6 | Ráta básmhaireachta naíonán (per 1,000) | 112 |
| 6 | Básmhaireacht mháthartha (per 100,000) | 700 |
| 0.1% (2,200 duine) | Daoine beo le SEIF/AIDS | 5.0% (2.7m duine) |
| 219 | Dochtúirí per 100,000 | 19 |
| 99% | Rochtain do dhrugaí riachtanacha | 10% |

(i) Roghnaigh **trí** staidreamh (staitistic) ón gcairt a thaispeánann nach bhfuil an Nigéir chomh forbartha le hÉirinn. (6)


(ii) Luaigh **dhá** chineál cúnaimh a d'fhéadfadh Éire a thabhairt don Nigéir chun cabhrú léi forbairt a dhéanamh.

I do fhreagra ainmnigh an cineál cúnaimh agus déan na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gach ceann díobh a phlé. (4)

**C. Tíreolaíocht Uirbeach**

Scúdaigh an léaráid de thrasghearradh de chathair agus freagair na ceisteanna a leanas:

**Trasghearradh de Chathair**




(i) Maidir leis an léaráid, abair cén chuid den chathair ag a bhfuil na luachanna talún is airde. Mínigh dhá chúis go bhfuil luachanna talún ard sa chuid sin den chathair. (4)

(ii) Bain úsáid as an **bhfótagraf** de bhaile Ceatharlach chun an chuid seo den cheist a fhreagairt. (6)

**"Cuirtear codanna de limistéar uirbeach ar fáil do thalamhúsáidí ar leith."**

Trí thagairt a dhéanamh don fhótagraf de bhaile Ceatharlach, aimsigh agus déan cur síos ar **dhá** thalamhúsáid sa bhaile. (6)

(**Nóta:** Toisc nach fótagraf ceartingearach é, déan tagairt d'áiteanna mar 'cúlionad', 'réamhionad ar dheis' 7 rl.)

**D. Ithir**

(i) Mínigh **dhá** shlí ina bhfuil tábhacht ag baint leis an ithir do dhaoine. (4)

(ii) Maidir le dhá cheann de na tosca seo a leanas mínigh an ról atá acu i bhfoirmiú ithreach.

- Carraig bhunaidh,
- Aeráid,
- Miocrorgánaigh,
- Fásra. (6)



**[Thall**

## 4. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAG

Déan staidéar ar an léarscáil surbhéireachta ordanáis agus ar an eochair a thugtar.

**A.** Tarraing léarscáil sceitse den limistéar a thaispeántar ar an léarscáil Shuirbhéireachta Ordanáis.

Marcáil **agus** sainaithin na gnéithe seo a leanas:

- Abhainn na Bearrú agus fo-abhainn amháin ainmnithe.
- Príomhbhóthar Náisiúnta amháin agus bóthar Náisiúnta amháin den dara grád.
- Baile Ceatharlach.
- Limistéar os cionn 300 méadar.
- Dhá sheaniarsma. (12)

**B.** **Tá iarrachtaí déanta ag an Údarás Áitiuil chun an plódú tráchta a laghdú i mbaile Ceatharlach.**

Agus gan á úsáid agat ach an **fótagraf**, déan cur síos ar **dhá** bheart den chineál sin. (6)

**C.** Agus úsáid á bhaint agat as an léarscáil agus as an bhfótagraf **araon**, mínigh **trí** chúis gur fhás baile Ceatharlach ag an suíomh seo. (12)

**5.** **TURASÓIREACHT**

Sonraí aeráide do Bhaile Átha Cliath agus Lanzarote (Na hOileáin Chanáracha)

**Meánteocht ($^0$Celsius)**

| **Míonna** | **Aibreán** | **Bealtaine** | **Meitheamh** | **Iúil** | **Lúnasa** | **M. Fómhair** | **D. Fómhair** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Baile Átha Cliath** | 14°C | 15°C | 16°C | 18°C | 20°C | 16°C | 12°C |
| **Lanzarote** | 18°C | 23°C | 26°C | 30°C | 32°C | 25°C | 20°C |

**Uaireanta gréine gile:**

| **Míonna** | **Aibreán** | **Bealtaine** | **Meitheamh** | **Iúil** | **Lúnasa** | **M. Fómhair** | **D. Fómhair** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Baile Átha Cliath** | 5 | 6 | 5.5 | 5 | 6 | 4 | 3 |
| **Lanzarote** | 7 | 9 | 10 | 11 | 10 | 7 | 5 |

**A.** Ag baint leas as an eolas a tugtar thuas, mínigh cén fáth go mb'fhearr mar rogha Lanzarote ná Baile Átha Cliath mar áit le haghaidh 'saoire cois trá'. (10)


**B.** Mealltar turasóirí go dtí áiteanna seachas tránna le haghaidh saoire. Áirítear orthu sin:

- Limistéir Áilleachta Nádúrtha.
- Cathracha.
- Áiseanna spóirt agus siamsaíochta.

Trí thagairt a dhéanamh do shamplaí sonracha a bhfuil staidéar déanta agat orthu, pléigh **dhá** cheann de na mealltaí sin. (10)

**C.** **'Is féidir leis an turasóireacht tionchair dhearfacha agus tionchair dhiúltacha a imirt ar dhaoine agus ar an timpeallacht.'**

**Forbairt na Turasóireachta**




Agus tagairt á dhéanamh don léaráid a tugadh pléigh **dhá** cheann de na tionchair sin .
Déan tagairt i do fhreagra do thionchair dhearfacha agus do thionchair dhiúltacha araon. (10)

Leathanach Bán